Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11183 – SSG / ORDINA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 215/07)

1. An 12 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sopra Steria Group SA ('SSG', an Fhrainc),

— Ordina N.V. ('Ordina', an Ísiltír).

Gheobhaidh SSG rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Ordina ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 21 Márta 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta chomhairliúcháin, seirbhísí digiteacha agus forbartha bogearraí í SSG atá i seilbh phoiblí agus a sholáthraíonn réimse leathan seirbhísí FT, lena n-áirítear comhairliúchán agus seirbhísí digiteacha chomh maith le bogearraí do chustaiméirí ar fud an domhain.

— Is soláthraí seirbhísí digiteacha agus bogearraí é Ordina atá i seilbh phoiblí agus a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin FT, deartha agus forbartha do chustaiméirí tionscail, seirbhísí airgeadais agus earnála poiblí ar fud réigiún Benelux.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11183 – SSG / ORDINA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.